

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Uimhir Aitheantais TUSLA:	TU2015GY183
----------------------------------	-------------

Ainm na Seirbhíse:	Naíonra Mhaigh Cuilinn
---------------------------	------------------------

Seoladh na Seirbhíse:	Áras Uilinn, Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe
------------------------------	--

Eirchód:	H91 DHW0
-----------------	----------

Ainm an tSoláthraí Chláraithe:	Ray Mac Pháidín
---------------------------------------	-----------------

Cineál na Seirbhíse	Páirtaimseartha, Seisiúnach
----------------------------	-----------------------------

Dáta na Cigireachta:	28/01/2026
-----------------------------	------------

Líon na leanaí réamhscoile:	R.N	17	I.N	9
------------------------------------	------------	----	------------	---

Seoladh na Cigireachta Luathbhlianta:	Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Cigireacht na Luathbhlianta, Stiúrthóireacht um Dhearbhú Cáilíochta, Foirgneamh Cliniciúil & Riaracháin, Bloc A- (1ú Urlár-Conair Ghlas), Páirc Mhuirlinne, Gaillimh
Cigireacht arna déanamh ag:	F Nic Dhonnacha
Teideal :	Cigire na Luathbhlianta

Údarás chun cigireacht a dhéanamh

Déanann Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla cigireacht ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna chur isteach le hAlt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013).

Coinníollacha, má bhaineann le hábhar	Neamhbhainteach
--	-----------------

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Cur síos ar an tseirbhís

Cuireann Naíonra Mhaigh Cuilinn clár cúraim réamhscoile agus cúram seisiúnach ar fáil do Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) ó 09.00 go dtí 12.00 uair an chloig, agus seirbhís pháirtaimseartha ó 09.00 go dtí 14.00 ó Luan go hAoine, ar feadh 38 seachtaine sa bhliain. Feidhmíonn an naíonra ó fhoirgneamh pobail in Áras Uilinn in aice leis an mbunscoil agus foirgneamh eile Teach na Gaeilge, i Maigh Cuilinn, in iarthar Chontae na Gaillimhe. Freastalaíonn an réamhscoil ar pháistí idir 2 bhliain go 6 bliana d'aois. Cuirtear an tseirbhís ar fáil trí mheán na Gaeilge agus tá sí faoi rialú Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo.

Tá limistéar scíthe ciúin ar fáil do na páistí chun scíth a ligean nó rogha a dhéanamh eirí as gníomhaíocht, más mian leo. Tá leapacha cruachta ar fáil do na páistí atá ag freastal ar an seisiún pháirtaimseartha le haghaidh soláthar codlata a chur ar fáil. Tairgtear curaclam súgartha atá dírithe ar leasanna na bpáistí atá ag teacht chun cinn. Tá rochtain ag na páistí ar dhá limistéar súgartha ainmnithe lasmuigh. Níl an limistéar súgartha ainmnithe lasmuigh, ar thaobh fhoirgnimh an scoil náisiúnta, in úsáid faoi láthair tá áth choiriú le déanamh ar. Tá limistéar súgartha malartach os comhair an fhoirgnimh phobail in úsáid faoi láthair, ina theannta sin tá úsáid ag na páistí ar an halla phobail san fhoirgneamh poiblí faoi mhaoirseacht le linn laethanta droch aimsire.

Soláthar foirne

Tá an soláthraí cláraithe neamh uimhriúil agus ní ar an áitreabh go laethúil. Tá duine ainmnithe i gceannas agus leasduine ainmnithe i gceannas. Tá triúr fhoireann san iomlán ag obair san áitreabh faoi láthair seachas an soláthraí cláraithe. Bhí cáilíocht ar a laghad ag an triúr ball foirne a bhíonn ag obair go díreach agus ag tabhairt aire do na leanaí i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige ag Leibhéal 5 go Leibhéal 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheas an tAire a bheith coibhéiseach. Soláthraíonn duine den triúr fhoireann tacaíocht chleachtais chuimsitheach faoin tSamhail Rochtana agus Cuimsitheachta. Tá fianaise dhoiciméadach ag an bhfoireann maidir le hoiliúint agus oideachas leanúnach.

Modheolaíocht

Is í Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla, rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhínítear i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 dualgas an tsoláthraí chlárthaíte sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus cloí leis na riachtanais seo. Tugann an tAcht seo údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na rialacháin. Is é is aidhm le rialáil maidir le seirbhísí óige ná a chinntiú go seastar le cúram, sábháilteacht, agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí seo. Pleanáiltear cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta bunaithe ar na pointí seo a leanas:

- Stair chigireachta na seirbhíse
- Eolas ar bith a fhaightear maidir leis an tseirbhís

- Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar:
- Eolas a fhaightear trí dhoiciméid a imscrúdú
- Breathnú díreach
- Plé le baill foirne ábhartha

Ba chigireacht neamhfhógartha é seo, agus díródh ar rialachas sláinte, folláine agus forbairt an linbh, sábháilteacht, áitreabh agus saoraidí lena linn. Féadfaidh cigireacht díriú ar réimsí eile chomh maith, de réir mar is gá.

Tá na torthaí seo leagtha amach sna rialacháin ábhartha sa tuarascáil seo.

Baineadh úsáid as próiseas samplála chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh faoi rialachán 16 Taifead i ndáil le Seirbhís Réamhscoile.

Leagtar amach torthaí na cigireachta sa tuarascáil maidir leis an gcigireacht a eisítear mar dhréacht-tuarascáil ar dtús chuig an tseirbhís, agus bíonn deis ag an tseirbhís freagra a thabhairt ar thorthaí ar bith a luaitear inti. I gcás go sainaithnítear nach bhfuil ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe léiriú a thabhairt ar an mbealach a réitíodh an neamhchomhlíonadh agus mar a chuirfear cosc ar an neamhchomhlíonadh amach anseo. Úsáidfear an plean um Ghníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach (CAPA) chun bonn eolais a chur le cinntí maidir le comhlíonadh le ceanglais rialála. I gcás nach n-éiríonn leis an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar próiseas géaraithe a thosú.

Forchoimeádann an Chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar fhreagraí a fhaightear ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear soiléireacht; iomláine; agus chun próisis riaracháin agus dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is í an Chigireacht a thiomsaíonn ábhar na tuarascála.

Buíochas

Is mian leis an gCigireacht buíochas a ghabháil leis an leas duine i bhfeighil, leis an duine breise a rinne ionadaíocht ar an lá agus leis na leanaí a bhí i láthair ar lá na cigireachta as a gcomhoibriú ar fad.

Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-

(a) go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá,

(b) go mbeidh an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna ainmniú nó arna hainmniú dá dtagraítear i bhfomhír (a) san áitreabh gach tráth le linn na tréimhse ina mbeidh an tseirbhís réamhscoile á seoladh.

(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe gur duine oiriúnach inniúil gach fostaí, gach oibrí nach n-íoctar agus gach conraitheoir, agus cineál na riachtanas a bhíonn ar leanaí á chur san áireamh, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh–

(a) breithniú ar theistiméireacht ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,

(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaofa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,

(c) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus

d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.

(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach léi sin, ar a laghad.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(1) Tá an soláthraí cláraithe neamh uimhriúil agus níl sé ar an áitreabh go laethúil. Bhí leas duine ainmnithe i gceannas agus bhí duine ainmnithe in ann ionadiocht a dhéanamh.

(b) Léirigh fianaise dhoiciméadach go raibh an duine ainmnithe i bhfeighil nó an ionadaí ainmnithe ar fáil, ar an áitreabh, nuair a bhí na páistí réamhscoile i láthair.

Rinneadh athbhreithniú ar chúig chomhad foirne, lena n-áirítear an soláthraí cláraithe, an duine i gceannas, an leas-duine i gceannas, an duine breise tacaíochta agus an fhoireann fóirithinte.

(a) Bhí sé theistiméireachtaí bailíochtaithe scríofa ó iarfhostóir.

- (b) Bhí ceithre thagairt scríofa bailíochtaithe ar chomhad ó fhoirse seachas an iar- fhostóir.
- (c) Bhí nochtadh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ar fáil maidir leis an gcúigear ball foirne.
- (d) Níl sé infheidhme, toisc nach raibh ceachtar den 5 ball foirne ina gcónaí lasmuigh den dlínse, ar feadh níos faide ná 6 mhí, agus iad os cionn 18 mbliana d'aois, agus dá bhrí sin ní raibh grinnfhiosrúchán póilíní ag teastáil uathu.
- (4) Bhí cáilíocht ar a laghad i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige ag Leibhéal 5 go Leibhéal 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheas an tAire a bheith coibhéseach ag ceathrar ball foirne a bhí ag obair go díreach agus ag tabhairt aire do na leanaí.

Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

Rialachán 11 - Leibhéal Foirne

- (1) *Faoi réir an Rialacháin seo, áiritheoidh soláthraí cláraithe go mbeidh líon leordhóthanach aosach ann i gcónaí ag obair go díreach leis na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.*
- (2) *Faoi réir mhíreanna (4) agus (5), áiritheoidh soláthraí cláraithe seirbhíse cúraim lae iomláin nó seirbhíse cúraim lae pháirtaimseartha go mbeidh an cóimheas íosta idir aosáigh agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhreacha tagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) di ag an uimhir thagartha sin go bhfuil sé sásta.*
- (8) *Gan dochar do mhíreanna (2) go (7)-*
 - (a) *cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhís fhaireachais leanaí nó seirbhís réamhscoile seisiúnach go mbeidh 2 dhuine fásta ar a laghad san áitreabh i gcónaí,*

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

- (1) Ar an 28/01/2026 bhí líon leordhóthanach foirne ag obair go díreach leis na páistí a bhí ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.
- (2) Bhí an cóimheas idir duine fásta agus leanbh ceart agus coinníodh é ar lá na cigireachta. Bhí an leas-dhuine i gceannas agus ball foirne nua amháin a thosaigh ar lá na cigireachta i Naíonra Mhaigh Cuilinn. Bhí siad ag obair go díreach le 17 bpáiste agus ag tabhairt aire dóibh le linn na n-uaireanta seisiúnacha. Bhí beirt fhoireann ag obair le 9 bpáiste don tseirbhís pháirtaimseartha. Bhí na páistí go léir idir 2 bhliain agus 5 bliana d'aois.
- (8)(a) Chinntigh an soláthraí cláraithe go raibh beirt fhoireann ar an áitreabh le linn uaireanta oibriúcháin na seirbhíse.

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Cuid IV – Faisnéis agus Taifid

Rialachán 16 – Taifead i ndáil le seirbhís réamhscoile

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn ar an bhfaisnéis seo a leanas i ndáil leis an tseirbhís:

(g) na beartais, na nósanna imeachta agus na ráitis a cheanglaítear ar an tseirbhís a chothabháil de réir

Rialachán 10;

(h) mionsonraí i dtaobh freastal ag gach leanbh réamhscoile ar bhonn laethúil;

(i) mionsonraí i dtaobh uainchlár foirne ar bhonn laethúil;

(k) mionsonraí i dtaobh aon tionóisc, aon díobháil nó aon teagmhas a bhainfidh do leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(g) Choinnigh an tseirbhís fillteán clúdach cruá le beartais, nósanna imeachta agus ráitis na seirbhíse i Leagan Béarla agus Gaeilge ar an láthair.

(h) Taifeadadh sonraí faoi fhreastal leanaí go cruinn ar leabhar rólla. Tá feidhmchlár leictreonacha in úsáid fresin ach múchadh é ar an lá seo.

Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

- (i) Níor dhoiciméadaíodh uainchlár na foirne go cruinn. Rinne an cigire athbhreithniú ar an uainchlár don tseachtain ón 26/01/2026 go dtí an 28/01/2026.
- Ní raibh aon taifead coinnithe chun neamh láithreachtaí na baill foirne a aithint. Bhí beirt fhoireann as láthair ar an 28/01/2026 gan ach spásanna bána le feiceál ar an leabhar taifead.
 - Níor taifeadadh sosanna na baill foirne fóirithinte ná na gnáth baill foirne.
- (k) Bhí leabhar taifead ag an tseirbhís le timpiste agus eachtraí, gortuithe agus teagmhais laistigh den tseirbhís, ach tugadh faoi deara trí thuarascáil do 2024 agus trí thuarascáil do 2025, cé go n-aithnítear go ndearnadh na foirmeacha a dhoiciméadú agus a shíniú ag tuismitheoirí agus ag an bhfoireann araon, d'fhan ceithre fhoirm bhána sa leabhar taifead agus níor tugadh do na tuismitheoirí iad. Tá sé seo ag teacht salach ar an bpolasaí seirbhíse agus ar na treoirlínte oiliúna.

Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coisctheach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Ar an 27/02/2026, chuir an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas in iúl.

Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach

(i) Coinneoidh an fhoireann taifid chruinn as seo anseo, lena n-áirítear neamhláithreachtaí foirne agus an leabhar uainchlár foirne chomh maith. Tá an tseirbhís ag iarraidh ball foirne nua a earcú le bheith páirteach san fhoireann faoi lathair.

(k) Rinne an fhoireann athbhreithniú ar pholasaí timpistí agus eachtraí na seirbhíse agus d'aontaigh siad a chinntiú go bhfaighidh tuismitheoirí cóip den fhoirm timpiste agus eachtraí a bhéas sínithe maidir lena leanbh amach as seo amach.

Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach

- Cuireadh cóip de na foirmeacha atá in úsáid chun neamhláithreachtaí foirne a thaifeadh go cruinn agus cuireadh cóip de thaifid tinrimh na foirne chomh maith.

Nóta Tráchtacha Achomair

- Tá athbhreithniú déanta ag an gcigire ar na gníomhartha agus ar an bhfianaise a cuireadh isteach. Tugadh aghaidh leordhóthanach ar an neamhchomhlíonadh a sainithníodh faoi Rialachán 16 (i)(k).

Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile

Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt linbh

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, le linn dó nó di a bheith ag soláthar seirbhís réamhscoile—

(a) go ndéanfar foghlaim, forbairt agus leas gach linbh a urasú laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí cuí, an idirghníomhaíocht chuí, na hábhair chuí agus an trealamh cuí a sholáthar, ag féachaint d'aois agus do chéim forbartha an linbh, agus

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

RIACHTANAIS BHUNÚSACHA:

(1)(a)

- Cuireadh bia sláintiúil chun cinn laistigh den tseirbhís. Tugadh faoi deara go raibh rogha ceapairí, cáis, liamhás, iógart, crackers agus píosaí torthaí ar fáil sna sneaiceanna a chuir tuismitheoirí/caomhnóirí ar fáil do na páistí.
- Bhí rochtain ag na páistí ar a gcuid deochanna nó uisce ó thobar chun féin fhreastail agus rochtain a fháil orthu i rith an tseisiúin.

- Spreagadh agus tugadh tacaíocht do leanaí chun a gcúram pearsanta féin a bhainistiú a oireann dá leibhéal neamhspleáchais féin.
- Bhí na páistí go léir oilte ar leithris agus chuaigh siad ag an leithreas go neamhspleách nó le cúnamh éigin de réir mar ba gá.
- Spreag an fhoireann na páistí a lámha a ní tar éis súgartha mí shlachtamhara, roimh ithe agus tar éis dul ag an leithris.
- Bhí go leor deiseanna ag na páistí saor imirt a bheith acu, ag iniúchadh a dtimpeallachta i rith an tseisiúin.
- Bhí deis ag na páistí go léir súgradh taobh amuigh, ar lá na cigireachta. Bhí na páistí seo gléasta go cuí ag caitheamh hataí agus cótaí agus iad ag súgradh taobh amuigh.

TACÚ LE CAIDRIMH TIMPEALL LEANAÍ:

- Bhí córas duine tábhachtacha i bhfeidhm do gach leanbh chun tacú lena bhforbairt agus chun bonn eolais a chur faoi phleanáil an churaclaim. Léirigh fianaise dhoiciméadach gurb é ról an phríomh phearsa idirchaidreamh a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí freisin.
- Nuair a labhair an cigire leis an bhfoireann, cuireadh in iúl gur thug siad eolas laethúil do thuismitheoirí ó bhéal faoi eispéiris a bpáistí sa réamhscoil. Cuireadh an t-eolas seo ar fáil ag amanna bailithe/fágála, agus trí ghlaonna gutháin.
- D'úsáid an tseirbhís feidhm chlár teachtaireachtaí meán sóisialta. Bhí fianaise ann gur roinneadh gníomhaíochtaí a ghlac na páistí páirt iontu le tuismitheoirí agus caomhnóirí.
- Bhí leabhar scríbhneoireachta / dialann agus cóipleabhair aonair ag gach páiste a thaispeánann a gcuid saothar ealaíne agus ceardaíochta agus líníochtaí / scríbhinní aonair.
- Bhí fianaise ann maidir le pleanáil churaclaim gearr théarmach, mheán téarmach agus fhad téarmach. Bhí an clár cúraim solúbtha agus treoraithe ag roghanna na bpáistí.
- Idirghníomhaigh an fhoireann ar bhealach dearfach leis na páistí; shuigh siad leo le linn am scéalta agus agus iad ag péinteáil leo.
- Sa seomra súgartha, ghlac na páistí páirt i saor imirt, am scéalta, gníomhaíochtaí boird, súgradh gainimh agus phéintéireachta.
- Labhair na páistí leis an gcigire faoina lá agus labhair siad faoina dteaghlaigh, a gcuid rudaí agus a gcuid spéiseanna féin.
- Na téamaí a bhí a phlé leis na leanaí an tseachtain seo ná 'ag dul go teach mamó agus dadó', ag cur plandaí agus cochailín dearg.

- Ar lá na cigireachta, d'imir na páistí go léir taobh amuigh sa limistéar súgartha ainmnithe taobh thiar den fhoirgneamh pobail in aice le clós súgartha na scoile. Breathnaíodh ar na páistí seo ag dreapadh an tí crainn adhmaid/ionad gníomhaíochta agus ag sleamhnú síos an sleamhnán.

Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

1. Níor tugadh plataí ag am sneaiceanna/béile agus bhí na páistí le feicéal ag ithe óna lámha ag thart ar 10.50 agus ó bhoscaí lóin agus timfhilleadh scragall stáin nó ón mbord ag thart ar 11.40.

Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coiscitheach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Ar an 27/02/2026, chuir an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas in iúl.

Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coiscitheach

1. Cuirfear plataí ar fáil do na páistí chun a gcuid sneaiceanna agus lóin a chur orthu ag am ithe as seo amach. Déanfaidh na páistí agus an fhoireann gach iarracht na plataí a úsáid le linn am sneaiceanna agus lóin.

Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach

- Cuireadh grianghraf de na plataí nua atá in úsáid sa tseirbhís réamhscoile isteach.

Nóta Tráchtach Achomair

- Tá athbhreithniú déanta ag an gcigire ar na gníomhartha agus ar an bhfianaise a cuireadh isteach. Tugadh aghaidh leordhóthanach ar an neamhchomhlíonadh a sainithníodh faoi Rialachán 19 1(a) pointe 1.

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile

Rialachán 22 – Bia agus Deoch

Cinnteoideh soláthraí cláraithe go mbeidh bia agus deoch atá leordhóthanach oiriúnach agus taoisleannach éagsúil ar fáil do gach leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.

Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

Ag teacht salach ar pholasaí bia sláintiúil na seirbhíse agus feidhmiú seirbhíse páirtaimseartha ina bhfreastalaíonn páistí suas le cuig uair an chloig sa lá.

1. Níor tairgeadh an dara béile nó béile sláintiúil malartach leordhóthanach le grúpaí bia cuí do naonúr as seacht páistí deág a d'fhan don tseirbhís pháirtaimseartha mar a mholtar leis an tSeirbhís um Chaighdeán Chothaithe don Luathfhoghlaim agus don Chúram (2023). Moltar go gcuirfí béile amháin agus sneaic amháin ar fáil do gach leanbh a fhreastalaíonn ar sheirbhís sheisiúnacha agus go gcuirfí dhá bhéile agus sneaiceanna amháin ar fáil le linn seirbhís pháirtaimseartha suas go dtí 5 uair an chloig.
2. Ní raibh aon fhianaise ann do phlean roghchláir trí seachtaine le feicéal sa tseirbhís pháirtaimseartha.

Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coisctheach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Ar an 27/02/2026, chuir an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas in iúl.

Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach

1. Rinneadh teagmháil le tuismitheoirí agus caomhnóirí na bpáistí chun dóthain bia a sholáthar le haghaidh dhá bhéile, am sneaiceanna agus béile. Cuireadh comhairle ar na tuismitheoirí an bia a lipéadú dá réir do na páistí. Cinnteoideh an réamhscoil go bhfuil bia ar fáil d'aon pháiste a dteastaíonn bia breise uathu.
2. Tá sampla do phlean roghchlár 3 seachtaine taifeadta, agus cinnteoideh an tseirbhís go bhfuil iontógáil chothaithe leordhóthanach ag gach páiste agus iad ag freastal ar an tseirbhís.

Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach

1. Cuireadh grianghraf den am sneaiceanna isteach.
2. Cuireadh cóip den phlean roghchlár 3 seachtaine isteach.

Nóta Tráchtacha Achomair

- Tá athbhreithniú déanta ag an gchigire ar na gníomhartha agus ar an bhfianaise a cuireadh isteach. Tugadh aghaidh leordhóthanach ar an neamhchomhlíonadh a sainithníodh faoi Rialachán 22 pointe 1 agus pointe 2.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas linbh a chosaint

Cinntoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chosaint agus cinntoidh sé nó sí go mbeidh timpeallacht na seirbhíse sábháilte.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

Sábháilteacht Ghinearálta:

- Bhí córas rochtana slán isteach i ndoirse tosaigh an áitribh.
- Stóráladh na gníomhairí glantacháin go léir inrochtana do na páistí.
- Bhí córas i bhfeidhm chun a chinntiú go gcoimeádfá taifid laethúla ar fhreastal na páistí go léir a bhí ag freastal ar an réamhscoil.
- Bhí luaidhe, cáblaí agus sreanganna daingnithe as bealach na páistí chun aon turais nó guais tachta a chosc.
- Rialaíodh teochtaí an tseomra súgartha teirmeastach chun a chinntiú go gcoinníodh na teochtaí idir 16°C agus 20°C.
- Ní raibh aon phoill nó locháin sa limistéar lasmuigh a chuirfeadh aon chontúirt nó riosca féideartha ar an leanbh réamhscoile

Rialú Ionfhabhtaithe:

- Cuireadh soláthar uisce te, gallúnach láimhe leachtach agus tuáillí láimhe páipéir indiúscartha ar fáil do shaoráidí níocháin láimhe.
- Le linn na cigireachta, tugadh cúnamh do na páistí agus spreagadh chun a lámha a ní sula n-itheann, tar éis leithreas, tar éis fíochán a úsáid agus tar éis súgradh amuigh faoin aer.
- Níor chaith aon leanbh clúidín ar lá na cigireachta.
- Coinníodh na bréagáin agus an trealamh súgartha i riocht glan agus sláinteachais sa seomra ranga.
- Breathnaíodh go raibh an seomra súgartha aeráilte go leordhóthanach leis na fuinneoga fágtha ar oscailt agus teocht an tseomra a choinneáil ag na leibhéil riachtanacha.
- Bhí taifid glantacháin ag an tseirbhís do na hábhair, an trealamh agus an troscán.

Dáileadh Cógas:

- Níor tugadh aon chógas ar lá na cigireachta. Clíceáil nó tapáil anseo chun téacs a chur isteach.

Coladh Sábháilte:

- Bhí suíocháin bhog agus mata i seomra súgartha an Naíonra, áit a bhféadfadh páiste scíth a ligean. Bhí sé leaba cruachta ar fáil don soláthar codlata don seirbhíse páirtaimseartha.

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

Sábháilteacht Ghinearálta:

1. Stóráladh míreanna éagsúla go míchuí sa stocaireacht in aice leis an limistéar sláintíochta agus seomra súgartha an Naíonra a bhí inrochtana do na páistí réamhscoile agus a bhí i mbaol sábháilteachta, díobhála nó bac.
 - Stóráladh mata athraithe clúidíní, clár bán, cairtchlár donn a bhí fillte taobh thiar den chomh-aireachta, stóráladh málaí plaisteacha agus buidéal uisce gorm le dailte ar bharr na comh-aireachta.
 - Bhí abhantrach mór dubh le haghaidh uisce, le clúdach liath agus dhá mhála scoile ar a bharr, aonad stórála mór oscailte dubh le mála bloiceanna.
 - Stóráladh dhá bhord cothromaíochta agus píosa ábhar cuilteáilte le dath liath sa chúinne faoin bhfuinneog os comhair an limistéir sláintíochta.
2. Sa limistéar súgartha ainmnithe lasmuigh ar chúl an fhoirgnimh phobail in aice le clós súgartha na scoile chonacthas leanbh ag súgradh le drís lán de daileagacha, rinne an cigire luathbhlianta agus ball foirne idirghabháil agus thóg siad an drís. Bhí sé seo i mbaol sábháilteachta agus dochar do na páistí réamhscoile.
3. Ní raibh an limistéar ainmnithe súgartha lasmuigh slán agus sábháilte ionas go bhféadfadh leanaí an limistéar a fhágáil gan mhaoirseacht agus go bhféadfadh daoine neamhúdairithe dul isteach sa cheantar. Cé go n-aithnítear go ndearnadh maoirseacht ar na páistí agus iad ag súgradh sa cheantar seo, d'fhéadfadh an cigire an glas uainne a sleamhnú go heasca sa ngeata agus é a oscailt chun dul isteach sa limistéar súgartha gan aon chúnamh. Cuireann sé seo riosca rochtana I bhfeidhm agus an riosca féideartha go dtiocfaidh leanbh amach.
4. Bhí seicliosta measúnaithe riosca laethúil ann do na limistéir súgartha laistigh agus lasmuigh, chun a sheiceáil nach raibh bréagáin ná trealamh briste, go raibh siad i riocht glan agus go raibh siad i riocht maith deisithe, go raibh an limistéar glan agus saor ó ghuaiseacha agus riosca do na páistí. Rinne an cigire athbhreithniú ar thaifid trí seachtaine le sceartáin chineálacha tar éis gach míre agus níor dhoiciméadaíodh aon iontráil don 28/1/2026. Cuireann sé seo riosca sábháilteachta agus díobhála féideartha do na páistí réamhscoile toisc nach gcoimeádtar na taifid go cruinn agus nach mbreathnaítear ar aon tuairimí ná aon riosca.

Codladh Sábháilte.

5. Cé go n-aithnítear go bhfuil sé leaba cruachta ag an tseirbhís. Ní raibh aon fhianaise ann go raibh línéadach leapa aonair d'aon pháistí atá tuirseach agus ar mian leo scíth a ligean nó codladh a bheith acu le linn na n uaireanta seirbhíse páirtaimseartha.

Gníomh arna sheoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Ar an 27/02/2026, chuir an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas in iúl.

Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach

Sábháilteacht Ghinearálta

1. Baineadh na rudaí go léir a bhí stóráilte go míchuí sa limistéar stocaireachta in aice leis an limistéar sláintíochta agus an seomra ranga réamhscoile agus glanadh an ceantar sin. Ceannaíodh crúcaí chun cótaí agus málaí a chur ar sa gcaoi is go mbeidh siad saor ón urlár go sábháilte. Ní úsáidfear an limistéar seo le haghaidh stórála amach anseo.
2. Glanadh an limistéar súgartha ainmnithe lasmuigh. Déanfar péinteáil nuair a fheabhsoidh an aimsir roimh dheireadh an téarma.
3. Úsáidfear córas sábháilteachta slán ar an ngeata chun sábháilteacht na bpáistí a chinntiú nuair a bheas siad ag súgradh sa limistéar súgartha atá ainmnithe lasmuigh.
4. Déanfar na measúnuithe riosca laethúla don timpeallacht laistigh agus lasmuigh a thaifeadadh go cruinn agus a choinneáil cothrom le dáta le nótaí breise nuair is gá.

Codhladh Sábháilte

5. Ceannaíodh línéadach leapa nua do na leapacha cruachta chun soláthar scíthe agus codlata a sholáthar do na páistí sa tseirbhís réamhscoile.

Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach

Sábháilteacht Ghinearálta

1. Cuireadh grianghraif isteach.
2. Cóip den litir a scríobh an grúpa pobail a bhfuil sé i gceist acu an limistéar súgartha atá ainmnithe a chothabháil.
3. Cuireadh pictiúr isteach.
4. Cuireadh cóip den measúnaithe riosca isteach.

Codhladh Sábháilte

5. Cuireadh grianghraf isteach.

Nóta Tráchtach Achomair

- Tá athbhreithniú déanta ag an gcigire ar na gníomhartha agus ar an bhfianaise a cuireadh isteach. Tugadh aghaidh leordhóthanach ar an neamhchomhlíonadh a sainithníodh faoi Rialachán 23 pointe 1 go 5.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 25 - Garchabhair

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oile ar gharchabhair do leanaí ar fáil láithreach i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoil.

(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bosca garchabhrach do leanaí a bhfuil an trealamh cuí ann—

(a) stóráilte go sábháilte in áit fheiceálach san áitreabh ar féidir teacht air gan dua, agus

(b) ar fáil i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(1) Bhí fianaise ag triúr ball foirne a bhí ag obair sa tseirbhís réamhscoile ar chúrsa garchabhrach (FAR) cothrom le dáta agus bhí siad ar fáil do na páistí a bhí ag freastal ar an tseirbhís.

(2)(a) Bhí bosca garchabhrach atá feistithe go cuí ar fáil agus in áit fheiceálach atá inrochtana go héasca sa seomra súgartha.

(b) Bhí an bosca garchabhrach ar fáil go héasca, le míreanna ábhair laistigh den dáta.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 26 - Bearta maidir le sábháilteacht ó dhóiteán

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn—

(a) ar aon druil dóiteáin a dhéantar san áitreabh, agus

(b) ar líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh chun dóiteán a chomhrac agus na n-áláram deataigh san áitreabh.

(4) Déanfar fógra i dtaobh na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(1)(a) Bhí socruithe i bhfeidhm chun druileanna dóiteáin míosúla a thairfeadh. Bhí an druil dóiteáin doiciméadaithe deireanach dar dáta 13/01/2026.

(b) Bhí taifead ar líon, cineál agus cothabháil trealaimh comhraicthe dóiteáin sa tseirbhís ar chomhad.

Léirigh taifid go raibh an chothabháil bhliantúil dheireanach don trealamh comhraicthe dóiteáin dar data 16/06/2025.

Léirigh taifid go raibh an doiciméadú cothabhála deireanach don chóras braite dóiteáin dar dáta 16/06/2025.

(4) Taispeánadh fógra sa seomra súgartha faoi na nósanna imeachta a bhí le leanúint i gcás dóiteáin.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 28 - Árachas

Cinnteoigh soláthraí cláraithe go mbeidh an tseirbhís réamhscoile faoi árachas leordhóthanach.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

Bhí fianaise ag an tseirbhís ar árachas leordhóthanach le dáta éaga 27/11/2026, a fíoraíodh le haghaidh seirbhís réamhscoile páirtaimseartha.

Cuid VII - Ceanglais maidir le Háitribh agus Spás

Rialachán 29 - Áitribh

Cinnteoigh soláthraí cláraithe maidir le háitreabh na seirbhíse—

- (c) go mbeidh soilsiú, téamh agus aeráil leordhóthanach ann,*
- (d) go ndéanfar é a ghlanadh, a chothabháil agus a dheisiú, de réir mar is gá, agus*
- (e) go mbeidh saoráidí sláintíochta atá leordhóthanach agus oiriúnach feistithe ann.*

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

- (c)
- Bhí an seomra súgartha réamhscoile soilsithe go leordhóthanach le soilse saorga, trí fhuinneog oscailte ar thaobh an bhóthair agus dhá fhuinneog inmheánacha le hoscailtí os comhair an dorchla/príomhbhealach isteach le haghaidh aerála.
 - Bhí fuinneog oscailte ag gach ceann den dá leithreas réamhscoile, an leithreas rochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus an leithreas foirne. Ina theannta sin, bhí fuinneog sa stocaireacht in aice le limistéar sláintíochta na leanaí.
 - Bhí clúdach slán ag na radaitheoirí; bhí teocht an tseomra laistigh de ghnáth theorainneacha idir 17-20 céim Celsius.
- (e)
- Bhí rochtain ag an tseirbhís réamhscoile páirtaimseartha ar dhá leithreas leanaí agus dhá báisín láimhe níocháin.

- Bhí rochtain ag na baill foirne ar leithreas rochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus báisín láimhe níocháin agus leithreas foirne agus báisín láimhe níocháin suite ar an dorchla taobh istigh den phríomh bhealach isteach chuig an réamhscoil.
- Ina theannta sin, bhí dhá báisín láimhe níocháin sa seomra súgartha naíonra.

Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

- (d) Ag teacht salach ar an bpolasaí seirbhíse lasmuigh deireann sé gur chóir go mbeadh an limistéar sábháilte, oiriúnach agus glan don aois ghrúpa leanaí a úsáideann an limistéar agus ba chóir measúnú riosca laethúil a dhéanamh chun sábháilteacht agus slándála na leanaí sa cheantar a choinneáil.
1. Bhí dromchla na talún sa limistéar súgartha lasmuigh ainmnithe ar chúl an fhoirgnimh trasna an charrchlóis clúdaithe le salachár ó chrainn atá gar agus fáлта in aice láimhe, driseanna, duilleoga fliucha, agus caonach.
 2. Bhí sean-mhúrphictiúir agus péint ag imeacht de bhalla an seid os comhair an limistéir súgartha ainmnithe. Bhí glanadh, péinteáil agus cothabháil ag teastáil san áit seo.
 3. Bhí an t-urlár adhmaid agus na céimeanna ar an teach crann/ionad gníomhaíochta sa limistéar súgartha ainmnithe buailte ag an aimsir agus bhí péint ag feannadh as. Bhí glanadh, péinteáil agus cothabháil ag teastáil ón aonad seo.
 4. Bhí na bloic phlaisteacha daite faoin teach crainn salach agus bhí gá le glanadh agus cothabháil a dhéanamh orthu.
 5. Bhí fianaise ann go raibh tuáille salach fluich agus éadach mias gorm ar an talamh in aice leis an bhfál le taobh an limistéar súgartha ainmnithe ar an 28/01/2026. Bhí gá leis na míreanna seo a ghlanadh suas agus a chothabháil go leordhóthanach.
- (e)
6. Bhí stiallacha infheictheachta ag teastáil ar an bhfuinneog ghloine agus gloine ar an bpríomhdhoras iontrála go dtí an limistéar stocaireachta in aice leis an limistéar sláintíochta agus seomra súgartha an Naíonra chun cosc a chur ar dhaoine breathnú ar na páistí agus iad ag teacht amach as an dá leithris.

Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coisctheach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Ar an 27/03/2026, agus 17/04/2026 chuir an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas in iúl.

Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach

- (d)
1. Tá an limistéar súgartha lasmuigh atá ainmnithe glanta agus cothabháilte. Déanfar an limistéar a

chothabháil go rialta as seo amach.

2. Tá an glanadh, cothabháil agus péinteáil déanta anois ar an seid.
 3. Tá an teach crainn adhmaid/ionad gníomhaíochta glanta, tá an cothabháil déanta agus an peintéail críochnaithe anois.
 4. Baineadh na bloic phlaisteacha as an limistéar súgartha atá ainmnithe le haghaidh glanadh críochnúil.
 5. Baineadh an t-éadach mhias salach agus an tuáille fliuch as an gceantar sin.
- (e)
6. Cuireadh bileog lannaithe ar an bhfuinneog agus ar gloine an dhoras iontrála chuig limistéar an stocaireachta agus seomra ranga.

Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach

1 - 6. Cuireadh grianghrafanna isteach.

Nóta Tráchtach Achomair

- Tá athbheithniú déanta ag an gchigire ar na gníomhartha agus ar an bhfianaise a cuireadh isteach. Tugadh aghaidh leordhóthanach ar na neamhchomhlíonadh a sainithníodh faoi Rialachán 29 (d) pointe 1 go dtí 5 agus (d) pointe 6.

